

an comhshaol, an tsochaí agus an geilleagar

—

4 Forbairt gheilleagrach inbhuanaithe faoi lánseol

an comhshaol, an tsochaí agus an geilleagar

—

4 Forbairt gheilleagrach inbhuanaithe faoi lánseol

Aidhm: Staidéar a dhéanamh ar chineálacha éagsúla gníomhaíochtaí geilleagracha in Éirinn agus plé a dhéanamh ar iarrachtaí chun tionchar na ngníomhaíochtaí seo ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus ar ról na GCC sa phróiseas seo.



RÁITEAS SIOLLABAIS

Roghaonad 4.5 – Tionchar ar an gcomhshaol

Ba chóir do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- forbairt gheilleagrach inbhuanaithe chun a tionchar ar an gcomhshaol a rialú. Ba cheart go ndéanfadh daltaí scrúdú ar eispéireas ón am atá caite, ar ionchais don todhchaí agus ar an ngá atá le staidéir tionchair ar an gcomhshaol.

TORTHAÍ

Nuair a bheidh an t-aonad seo críochnaithe acu, ba cheart go mbeadh daltaí in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- breac-chuntas a thabhairt ar thionchar gníomhaíochtaí geilleagracha éagsúla ar an gcomhshaol in Éirinn
- na bearta a shainaithint lena ndéantar tionchar na ngníomhaíochtaí seo ar an gcomhshaol a íoslaghdú
- cuid de na mórcheisteanna maidir le cosaint an chomhshaoil amach anseo a shainaithint
- cuspóirí agus feidhmeanna na GCC a mhíniú
- breac-chuntas a thabhairt ar phróiseas an Mheasúnaithe ar an Tionchar ar an gComhshaol.

na físmhíreanna

1. **EANACH BHAILE AN PHOLARDAIGH**
   As ECOEYE, sraith 2, clár 1 – 01:36:07
2. **PFIZER IRELAND PHARMACEUTICALS, CORCAIGH**
   As ECOEYE, sraith 1, clár 5 – 01:41:20
3. **TURASÓIREACHT AGUS COMHSHAOL**
   As ECOEYE, sraith 2, clár 4 – 01:46:21
4. **IASCAIREACHT INBHUANAITHE IN UISCÍ NA hÉIREANN**
   As ECOEYE, sraith 1, clár 6 – 01:51:16

Eanach Bhaile an Pholardaigh

1 Cé na fachtóirí is cúis le hEanach Bhaile an Pholardaigh a bheith ina ghnáthóg bhogaigh ar leith?

2 Liostáil trí shampla d'áitritheoirí éagsúla – flóra agus fána – Eanach Bhaile an Pholardaigh.

3 Céard a tharla d'fhormhór na n-eanach dá leithéid in Éirinn agus san Eoraip?

4 Tá seachbhóthar Chill Dara gar don bhaile. Cén chaoi ar bheartaigh an Chomhairle Contae déileáil le héifeacht an torainn ón mbóthar agus fístionchar an bhóthair ar áitritheoirí áitiúla?

5 Cén fáth ar chuir forbairt an bhóthair Eanach Bhaile an Pholardaigh i mbaol?

6 Cén chaoi ar chuir daoine a bhí ag iarraidh Eanach Bhaile an Pholardaigh a chosaint ar thionchair an tseachbhóthair brú ar Rialtas na hÉireann chun an suíomh seo a chosaint?

7 Tháinig Comhairle Contae Chill Dara agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ar réiteach an dabhchaithe chun dul i ngleic le cuid de na fadhbanna a tháinig as tógáil an tseachbhóthair gar don eanach. Céard atá i gceist leis an 'dabhchú'?

8 Tá cuachsheilide beag bídeach a chónaíonn san eanach liostáilte sa Treoir ón AE maidir le Gnáthóga mar ní ar gá cosaint speisialta a thabhairt dó. Céard a chiallaíonn sé seo?

Pfizer Ireland Pharmaceuticals, Corcaigh

1 Is é Pfizer Pharmaceuticals i gCorcaigh, an chuideachta cógaisíochta is mó in Éirinn. Céard é dearcadh na cuideachta maidir leis an tionchar atá aici ar an gcomhshaol?

2 Cén dá réimse a ndíríonn feachtas feasachta comhshaoil na cuideachta i measc na n-oibritheoirí orthu?

3 Cé na réimsí a ndéanann Pfizer monatóireachta orthu maidir lena n-aschur dramhaíola?

4 Deirtear linn go n-oibríonn an gléasra faoi cheadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú – cé a eisíonn an ceadúnas seo chuig an gcuideachta?

5 Céard a chaithfidh an an chuideachta a dhéanamh faoin gceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú?

6 Céard é tuairim chigire na GCC faoin gcaoi a bhfuil cruthaithe ag an gcuideachta maidir le rialú ar thruailliú?

7 Tá grúpa idirchaidrimh ann d'ionadaithe ó na tionscail agus áitritheoirí an Oileáin Bhig i gCuan Chorcaí. Céard a dhéanann an grúpa seo?

8 Cén chaoi, meas tú, ar sampla maith é Grúpa Cógaiseolaíochta Pfizer den fhorbairt gheilleagrach?

Turasóireacht agus an Comhshaol

1 Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach íomhá ghlan, ghlas a bheith ann d'Éirinn?

2 Cén bharúil atá ag formhór na dturasóirí a chuirtear faoi agallamh san fhíseán d'Éirinn?

3 Cén cineál brú ar an timpeallacht atá le feiceáil go soiléir ó na radharcanna cósta a thaispeántar ar an bhfíseán?

4 Cé na cleachtais a chleachtann an t-óstán san fhíseán atá neamhdhíobhálach don chomhshaol?

5 Cén t-ainm atá ar an scéim dhámhachtainí do bhainistiú comhshaoil in óstáin agus in ionaid fóillíochta?

6 San fhíseán deirtear go bhfuil scéim ghrádaithe agus chreidiúnaithe comhshaoil ag teastáil. Cé na buntáistí a bheadh ag a leithéid de scéim, dar leat?

7 Tháinig sé mhilliún cuairteoir as tír isteach chun na hÉireann i 2001. Déan plé ar na cineálacha éagsúla brú a chuirfeadh sé seo ar an gcomhshaol.

Iascaireacht inbhuanaithe in uiscí na hÉireann

1 Cén míniú a thugtar san fhísmhír ar an bhforbairt inbhuanaithe?

2 Tabhair sampla de stoc éisc a rinne athshlánú le blianta beaga anuas tar éis gur tugadh isteach bearta caomhnaithe.

3 Tabhair sampla de stoc éisc atá faoi bhrú faoi láthair.

4 Tabhair breac-chuntas ar bhealach ciallmhar amháin a luaitear ar féidir stoic éisc a chaomhnú.

5 Cén fhreagracht atá ar Bhord Iascaigh Mhara?

6 Céard a rinneadh le blianta beaga anuas chun cabhrú le hathshlánú stoc gliomaigh amach ó chósta Loch Garman?

7 Tuairim agus cé mhéad duine atá fostaithe i dtionscal bia mara na hÉireann?

8 Ainmnigh cuid de na bealaí inar féidir le hiascairí éagsúlú a dhéanamh ar a gcuid oibre chun a slí bheatha a choinneáil beo.

RÓL NA GNÍOMHAIREACHTA UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

FAISNÉIS CHÚLRA

Léigh amach an méid seo a leanas do na daltaí.

Bhunaigh Rialtas na hÉireann an GCC i 1992. Tá an phríomhaidhm atá aici leagtha amach ina ráiteas misin:

> **Cur leis an gcomhshaol nádúrtha agus é a chosaint don ghlúin atá ann anois agus do ghlúnta amach anseo, ag cur prionsabail eacnamaíochta, shóisialta agus chomshaoil na forbartha inbhuanaithe san áireamh**
>
> As www.epa.ie

Maidir le treoirphrionsabail na Gníomhaireachta, is iad treoirphrionsabail bheartas comhshaoil na hÉireann go ginearálta iad:

- prionsabal an réamhchúraim, a éilíonn gur cheart an bhéim a leagan ar chúiseanna an dochair don chomhshaol seachas ar na torthaí a bhíonn air, agus gur cheart, san áit a bhfuil fianaise shuntasach ann ar bhaol don chomhshaol, réamhchúram cuí a dhéanamh, fiú mura bhfuil cruthúnas dochloíte eolaíoch ann maidir leis na cúiseanna
- comhtháthú ceisteanna comhshaoil i réimsí uile beartas
- an prionasabal íoc mar a thruaillítear maidir le leithdháileadh costas agus gníomhaíocht ag údaráis phoiblí
- prionsabal na comhfhreagrachta don chomhshaol, a éilíonn rannpháirtíocht forleathan ó chomhlachtaí poiblí, ó fhiontair phríobháideacha agus ón bpobal i gcoitinne chun cuspóirí beartas comhshaol a chur i gcrích.

Bunaithe ar MOVING TOWARDS SUSTAINABILITY, An Roinn Comhshaoil, 1995

CUARDACH IDIRLÍN

Iarr ar na daltaí breathnú ar láithreán gréasáin an GCC ag www.epa.ie, agus an tasc seo a leanas a dhéanamh.

Tasc

1. Liostáil agus mínigh príomhfheidhmeanna na GCC.
2. Déan mionchur síos ar phróiseas an Mheasúnaithe ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC). Chun faisnéis a fháil a bhaineann leis an gceist seo, breathnaigh ar PLANNING LEAFLET 9 – ENVIRONMENTAL IMPACT ASSESSMENT, atá ar fáil sa roinn a bhaineann le 'Built environment' ar láithreán gréasáin ENFO (www.enfo.ie).

Nuair a bheidh ceist 1 agus ceist 2 á bhfreagairt ag daltaí, níor mhór dóibh a chinntíú go bpléifidh siad na nithe seo a leanas:

- aidhmeanna phróiseas an MTC
- na cineálacha forbartha a dteastaíonn MTCanna ina leith
- na rudaí a chaitear a chur san áireamh sa Ráiteas faoin Tionchar ar an gComhshaol (RTC)
- ról an GCC i bpróiseas an MTC



TIONCHAR GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA AR AN gCOMHSHAOL

—

tógáil bóithre agus an comhshaol

San aonad seo bhreathnaigh daltaí ar cheithre cinn d'fhísmhíreanna ar a bpléitear réimsí tábhachtacha den ghníomhaíocht gheilleagrach in Éirinn agus ar a bhféachtar ar na hiarrachtaí a rinneadh chun a dtionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

Cuir tús le grúp-phlé ar thógáil sheachbhóthar Chill Dara, faoi na ceannteidil seo a leanas. Úsáid na pointí le hurchair mar leidí/mar chúnamh don phlé.

GNÍOMHAÍOCHT GHEILLEAGRACH: TIONCHAR AR AN gCOMHSHAOL

—

Ceist

Cén baol/brú atá ar gcomhshaol de bharr na gníomhaíochta seo?

Freagraí samplacha

- na bóithre ag cur isteach ar an tírdhreach
- dochar do ghnáthóga nádúrtha /díothú orthu
- méadú ar an truailliú aeir
- méadú ar an truailliú ó thorann
- dochar do shuímh oidhreachta ar feadh an bhóthair/díothú orthu.

AN TIONCHAR A ÍOSLAGHDÚ

—

Ceist

Cé na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an baol agus an brú a íoslaghdú?

Freagraí samplacha

- tógáil faoi leibhéal na talún chun torann agus an fístionchar a íoslaghdú.
- 'dabhchú' a dhéanamh chun tionchar an bhóthair ar an ngáthóg bhogaigh a íoslaghdú
- imscrúdú seandálaíochta mar chuid den fhorbairt.

CEISTEANNA DON TODHCHAÍ

—

Samplaí

- An féidir suímh oidhreachta a chosaint nuair a bhíonn tógáil bóithre ann ar scála mór?
- An féidir teacht ar chothromaíocht éigin idir infheistíocht i mbóithre agus infheistíocht san iompar poiblí a dhéanfadh tionchar foriomlán an iomair ar an gcomhshaol a íoslaghdú?

Roinn an rang ina ghrúpaí anois agus tabhair ceann amháin de na gníomhaíochtaí geilleagracha seo a leanas do gach grúpa chun tuarascáil a dhéanamh uirthi:

- **Turasóireacht**
- **Iascaireacht**
- **Tionscal na cógaisíochta**

Ba cheart do gach grúpa na ceannteidil chéanna agus na ceisteanna céanna a úsáid agus a úsáideadh don phlé a rinneadh ar thógáil bóithre. Is féidir físmhíreanna a úsáid mar chúnamh.

Ba cheart do gach grúpa tuarascáil a dhéanamh ag úsáid na foirme atá in Bileog 1 do dhaltaí. Ba chóir do gach grúpa daltaí moltaí ó dhaoine sna grúpaí eile a phlé freisin.

TIONCHAR GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA AR AN gCOMHSHAOL

GNÍOMHAÍOCHT GHEILLEAGRACH

> ----------

TIONCHAR AR AN gCOMHSHAOL

—

Ceist

Cén baol/brú a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol de bharr na gníomhaíochta seo

Freagraí

> ----------

> ----------

> ----------

AN TIONCHAR A ÍOSLAGHDÚ

—

Ceist

Cé na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an baol agus an brú a íoslaghdú?

Freagraí

> ----------

> ----------

> ----------

CEISTEANNA DON TODHCHAÍ

—

> ----------

> ----------

> ----------





Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil